

LEADERSHIP, GOVERNANCE AND
ACCOUNTABILITY
GUIDANCE FOR INDICATOR L1

L1. D Template 4: Example Public Poster for Adults in Irish/ English

The Gospel teaches the importance of ensuring that the church community is a warm, welcoming and safe place for children.

Múineann an Soiscéal dúinn go bhfuil sé fíor-thábhachtach a chinntiú gur áit theolaí fháilteach shábháilte an pobal eaglasta do leanaí.

'Let the little children come to me, and do not hinder them, for the kingdom of God belongs to such as these. Truly I tell you, anyone who will not receive the kingdom of God like a little child will never enter it.' (Mark 10:14-15)

"Ligigí do na leanaí teacht chugam; ná coiscigí iad, óir is lena leithéidí seo ríocht Dé. Deirim libh go firinneach, cibé nach nglacfaidh ríocht Dé ar nós linbh, ní rachaidh sé isteach inti choíche." (Marcas 10:14-15)

Children are gifts from God, to be cherished and recognised for the joyful contribution they bring as valued members of the Church. Our challenge is to follow the example of Jesus in cherishing children. Safeguarding is key to this important task and should be seen not as a burden but as an opportunity to embrace and encourage children's ministry, following the example of Christ.

Is bronntanais ó Dhia leanaí nach miste a mhuirniú agus ómós a thabhairt dóibh as ucht a dtugann siad chugainn mar bhaill den Eaglais a bhfuil ard-mheas orthu. Is é an dúshlán atá romhainne aithris a dhéanamh ar shampla Chríost agus cion ar pháistí dá thaispeáint againn. Tá an chosaint fíor-thábhachtach sa ngnó suntasach seo agus ba cheart breathnú uirthi ní h-ea mar ualach ach mar dheis le ministreacht leanaí a ghilcadh chugainn féin agus a chothú, agus sampla Chríost dá leanacht againn.

The [INSERT NAME OF CHURCH BODY] pledges to safeguard children from harm and to support them in their development as valued and integral members of the Catholic Church in Ireland. The Church's ministry will be inclusive and will uphold the rights of children.

Geallann [CUIRTEAR ISTEACH AINM AN FHORAIS EAGLASTA] leanaí a chosaint ar dhochar agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad ag teacht in innme mar bhaill dhílse den Eaglais Chaitliceach in Éirinn. Beidh ministreacht na hEaglaise cuimisitheach agus dearbhófar cearta leanaí.

Consistent with Gospel values, and with civil and criminal law, those who minister will do so with dignity and integrity, honouring their calling to ensure that children are welcomed, cherished and protected, following the example set by Jesus.

Faoi réir luachanna an tSoiscéil, agus an dlí shibhialta agus choiríúil, gníomhóidh ministrí le dínit agus le h-ionracas, dílis dá ngairm lena chinntiú go gcuirtear fáilte roimh leanaí, go léirítear cion orthu agus go gcosnaítear iad ar an nós a rinne lósa.

This Safeguarding Children Policy will be honoured and complied with by all ordained clerics, by vowed female and male religious, and by all lay staff and volunteers in the Catholic Church in Ireland.

Tabharfaidh gach uile bhall den chléir, gach uile bhall baineann agus gach uile bhall fireann faoi mhionn, agus gach uile bhall forgne tuata agus gach uile oibrí deonach san Eaglais Chaitliceach in Éirinn ómós don Pholasáí Cosanta Leanaí seo

Child Safeguarding Statement (ROI Only)

Ráiteas faoi Chosaint Leanaí (Poblacht na hÉireann amháin)

You can read our Child Safeguarding Statement here [INSERT LINK TO CHILD SAFEGUARDING STATEMENT]

Féadfaidh tú an Ráiteas Cosanta Leanaí seo againne a léamh anseo [CUIRTEAR ISTEACH AN NASC DON RÁITEAS COSANTA LEANAÍ]

Details of personnel to contact if you are concerned about the welfare and safety of children

Dintiúirí pearsanra nach miste teagmháil a dhéánamh leo má tá imní ort faoi leas agus faci shábháilteacht leanaí

Insert below the names and contact details of the relevant designated liaison person (DLP), and statutory authorities (An Garda Síochána or PSNI; Tusla or HSCT), as appropriate.

Cuirtear isteach anseo thíos ainmneacha agus dintiúirí teagmhála an idirghabhálaí ainmnithe (IA), agus na n-údarás stáitiúideach (An Garda Síochána no SPTÉ; Tusla nó HSCT / Iontaobhais Sláinte agus Cúram Shóisialta), de réir mar a fheileas.

DESIGNATED LIAISON PERSON (DLP):

DIRGHABHÁLAÍ AINMNITHE (IA):

POLICE FOR ISSUES NOT RELATING TO CLERICS OR RELIGIOUS

AN GARDA SÍOCHÁNA I gCOMHAIR GNÓTHAÍ NACH MBAINEANN LEIS AN gCLÉIR NÁ LEO SIÚD IN ORD CRÁBHAIÐH:

POLICE FOR ISSUES RELATING TO CLERICS OF RELIGIOUS

AN GARDA SÍOCHÁNA I gCOMHAIR GNÓTHAÍ A BHAINNEAS LEIS AN gCLÉIR NÓ LEO SIÚD IN ORD CRÁBHAIÐH:

CHILD PROTECTION SERVICE:

SEIRBHÍS COSANTA LEANAÍ: